Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2022
(OR. en)

10399/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0123(NLE)**

SCH-EVAL 85
SIRIS 65
COMIX 326

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Meitheamh 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9741/22 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 a rinneadh ar **Mhálta** maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse **Chóras Faisnéise Schengen** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 a rinneadh ar Mhálta maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Meitheamh 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar Mhálta maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen i leith Mhálta ón 27 Meán Fómhair go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 820 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil a chuimsigh na torthaí agus na measúnuithe inar sonraíodh an dea-chleachtas agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

(2) Ba mhór ag an bhfoireann ar an láthair na hiarrachtaí a rinne Málta chun nósanna imeachta a leagan síos maidir le seiceálacha sonraí i ndáil le réamhaisnéis faoi phaisinéirí (API) in SIS agus an chaoi a bhféadfadh Biúró SIRENE faireachán a dhéanamh ar amais i bhfíor-am.

[1] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá le déanamh ag Málta chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen a chomhlíonadh, ba cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí 1-9.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Parlaimintí náisiúnta na mBallstát. Laistigh de 3 mhí ó dháta a ghlactha, ba cheart do Mhálta, de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, plean gníomhaíochta a bhunú chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas agus an plean gníomhaíochta sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle.

AG MOLADH:

gur cheart do Mhálta

1. a áirithiú go n-áirítear córas criptithe leis an bhfeidhmchlár teorann PISCES;

2. a áirithiú go mbeidh an fheidhmiúlacht maidir le cuardach méarlorg SIS-AFIS (an Córas Uathoibrithe um Shainaithint Méarlorg) i gCóras Faisnéise Schengen ar fáil d'úsáideoirí deiridh chun go mbeifear in ann daoine nach féidir a gcéannacht a fhionnadh ar bhealaí eile a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 22(3) de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

3. a áirithiú go gcuirtear Biúró SIRENE ar an eolas maidir leis an oibleagáid atá ar an mBallstát eisiúna Europol a chur ar an eolas maidir le haon amas i ndáil le foláirimh a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta de réir Airteagal 27a(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Airteagal 41(8) de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

4. nós imeachta soiléir a leagan síos agus a scaipeadh ar na húdaráis a chuireann isteach foláirimh chun na hinniúlachtaí a bhaineann le sonraí bithmhéadracha a cheangal le foláirimh, i gcomhréir le hAirteagal 20 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 23(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus le Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

5. a áirithiú go ndeonaítear cearta úsáideoirí do na seirbhísí inimirce i bhfeidhmchlár Stopliosta Náisiúnta (NSL) chun cineál an chiona a léiriú, ionas go gcuirfeadh na seirbhísí na sonraí sin san áireamh, nó go bhféadfaidís amhlaidh a dhéanamh, agus iad ag cur foláirimh Airteagal 24 in SIS trí NSL;

6. feabhas a chur ar an gcaoi a dtaispeántar faisnéis san fheidhmchlár póilíneachta náisiúnta, tríd na hailiasanna uile atá ag gabháil leis an bpríomhchéannacht agus i gcásanna mí-úsáide céannachta, chun idirdhealú soiléir a dhéanamh idir an t-íospartach agus déantóir na coire, go háirithe trí shonraí na príomhchéannachta (déantóir na coire) a thaispeáint;

7. a áirithiú go ndéanann úsáideoirí deiridh na póilíneachta SIS a cheadú go córasach i gcomhréir le hAirteagal 1(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus le Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

8. a áirithiú go bhfuil rochtain iomlán dhíreach ar SIS tríd na gléasanna móibíleacha atá in úsáid ag Fórsa Póilíneachta Mhálta;

9. a áirithiú go dtaispeánann an feidhmchlár teorann PISCES na naisc, na grianghraif, na catagóirí céannachta agus infhaighteacht an Bharántais Gabhála Eorpaigh agus na méarlorg;

10. a áirithiú go bhfuil dóthain foirne ag obair in oifig N.SIS;

11. a áirithiú go bhfuil córas rochtana rialaithe sheomra ríomhairí an chúltaca sonraí (an léitheoir méarlorg) ag feidhmiú;

12. a áirithiú go bhfuil na stáisiúin oibre uile feistithe le córas oibriúcháin nuashonraithe a bhfuil tacaíocht an mhonaróra leis;

13. comhaontú ar leibhéal seirbhíse nuashonruithe agus fadtéarmach a thabhairt i gcrích chun leanúnachas gnó Oifig N.SIS a áirithiú;

14. comhtháthú éifeachtach na gcóras náisiúnta a áirithiú ar leibhéal SIRENE a áirithiú agus feabhas a chur ar uathoibriú chóras bainistithe cásanna SIRENE;

15. feabhas a chur ar úsáid seiceálacha discréideacha agus sonracha agus nuashonrú a dhéanamh ar na nósanna imeachta maidir leis na cineálacha sin foláirimh a chur isteach;

16. feabhas a chur ar an gcaoi a dtaispeántar an fhaisnéis agus foláireamh á gcur isteach le haghaidh seiceálacha discréideacha;

17. an t-eolas agus an fheasacht a chur chun cinn a thuilleadh maidir leis na húdaráis chustaim chun a áirithiú go ndéantar SIS a sheiceáil go córasach;

18. a áirithiú go bhfuil rochtain iomlán ag na húdaráis eisiúna víosaí ar na sonraí a áirítear sna foláireamh SIS;

19. a áirithiú go bhfuil an deis ann ag an gcalafort cuardach uathoibríoch nó baisc-chuardach a dhéanamh ar liostaí paisinéirí;

20. feabhas a chur ar an uirlis traslitrithe atá ar fáil faoi láthair sa Chóras Póilíneachta Náisiúnta chun traslitriú na gcarachtar Gréigise a chur san áireamh;

21. feabhas a chur ar an gcaoi a dtaispeántar faisnéis sa Chóras Póilíneachta Náisiúnta chun aibhsiú a dhéanamh ar na marcóirí rabhaidh maidir le hábhair, ar amais maidir le foláirimh le haghaidh seiceáil dhiscréideach agus shonrach nuair a bhíonn gá le gníomhaíocht láithreach, agus ar na naisc idir foláirimh SIS, agus chun uimhir theileafóin an bhiúró SIRENE ar cheart teagmháil a dhéanamh leis a léiriú go soiléir. feabhas a chur ar sholáimhsitheacht na feidhmiúlachta cuardaigh ilchatagóire maidir le foláirimh faoi ábhair agus tosaíocht a thabhairt d’fholáirimh SIS a thaispeáint;

22. feabhas a chur ar an bhfeidhmchlár teorann PISCES chun a áirithiú go n-aibhsítear gníomhaíocht láithreach agus marcóirí rabhaidh, go dtaispeántar uimhir theagmhála Bhiúró SIRENE, a áirithiú gur soiléir cén ghníomhaíocht a dhéanfar i gcás foláirimh mharcáilte. feabhas a chur ar na roghanna cuardaigh agus na híoscheanglais maidir le sonraí i dtaca le foláirimh SIS á gcur san áireamh, agus a áirithiú go dtugtar tosaíocht d’fholáirimh SIS a thaispeáint; a áirithiú nach bhfuil na scáileáin ar a dtaispeántar na foláirimh SIS ag na botháin san aerfort agus ag na stáisiúin phóilíneachta infheicthe ón taobh amuigh;

23. a áirithiú go dtaispeánann an feidhmchlár SIS II go soiléir na hamais agus go bhfuil an fhaisnéis is gá ar fad ar fáil láithreach sa chéad scáileán. a áirithiú gur soiléir cén ghníomhaíocht mhalartach a dhéanfar i gcás amais maidir le foláirimh mharcáilte;

24. oiliúint thiomnaithe d'fhoireann SIRENE a áirithiú in éineacht le hoiliúint speisialaithe d'úsáideoirí deiridh maidir le nósanna imeachta a bhaineann le SIS, go háirithe do phóilíní agus d'oifigigh chustaim maidir leis na feidhmchláir cuardaigh SIS.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*